Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8763/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0103 (COD)**

**FIN 499**
**TELECOM 133**
**CYBER 123**
**COMPET 347**
**RECH 197**
**CLIMA 134**
**ENV 313**
**COPS 201**
**INDEF 17**
**POLMIL 112**
**TRANS 169**
**SOC 263**
**ECOFIN 521**
**COH 66**
**CODEC 571**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 188 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 188 final.

Faoi iamh: COM(2025) 188 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2025
COM(2025) 188 final

2025/0103 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

D'fhógair an tUachtarán Von der Leyen sna Treoirlínte Polaitiúla go bhfuil ré nua cosanta le teacht. Oibreoidh an tAontas sna 5 bliana amach romhainn chun fíor-Aontas Eorpach um an gCosaint a thógáil. Le 20 nó 30 bliain anuas, nochtadh tearcinfheistíocht leanúnach agus easpa caiteachais éifeachtúil inár gcumais mhíleata, rud a dhéanann difear d'acmhainneachtaí táirgeachta bhonn tionsclaíochta teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) agus dá acmhainneacht nuálaíochta, agus margadh na cosanta á ilroinnt go náisiúnta an tráth céanna. Chun an cur chuige nua sin a leagan amach agus chun riachtanais infheistíochta an Aontais a shainaithint, chuir an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí Páipéar Bán Comhpháirteach – Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030 i láthair an 19 Márta 2025.

Cuirtear i dtábhacht sa Pháipéar Bán go bhfuil bagairt ghéar agus mhéadaitheach os comhair na mBallstát, rud a éilíonn freagra comhordaithe de mheon na dlúthpháirtíochta. Tá cogadh, ionsaí agus gníomhartha naimhdeacha eile ag cur isteach ar an mór-roinn. Is é an t-aon bhealach amháin chun síocháin a áirithiú agus cinneadh a dhéanamh maidir le todhchaí an Aontais féin go mbeidh sé réidh chun na gníomhaíochtaí sin a dhíspreagadh. Chuige sin, ní mór tionscal cosanta an Aontais a neartú ionas gur féidir leis an trealamh is gá a tháirgeadh chun ionsaitheoirí a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíspreagadh. Tá bunús láidir ag an Aontas ó thaobh rachmais agus cumhacht tháirgiúil de chun acmhainní agus cumhacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch folaigh a scaoileadh. Mar sin féin, tá staid reatha na hullmhachta cosanta á cur i mbaol le blianta fada de thearcinfheistíocht san earnáil, rud a léiríonn an gá atá le hiarracht aontaithe chun seasamh cosanta an Aontais a neartú.

Chun na cumais agus an ullmhacht mhíleata is gá a fhorbairt chun ionsaí armtha a dhíspreagadh go hinchreidte agus chun todhchaí an Aontais a dhaingniú, tá gá le méadú ollmhór ar chaiteachas cosanta na hEorpa thar thréimhse fhada. Chuige sin, tá gá le hiarracht chomhcheangailte mharthanach ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun comhinfheistíocht a dhéanamh i gcosaint an Aontais. Cuirfidh sé sin an intuarthacht fhadtéarmach is gá ar fáil do thionscal cosanta an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí táirgeachta nua.

Tacaíonn Rialachán STEP le hiomaíochas agus buntáiste teicneolaíoch an Aontais. Sa lá atá inniu ann, is féidir tacú le forbairt agus monarú teicneolaíochtaí cosanta áirithe faoi STEP, lena n-áirítear an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí cibearshlándála nó ladrainn.

Mar sin féin, ní mór don Aontas níos mó a dhéanamh chun tacú leis an ngéarghá atá le hinfheistíochtaí cosanta Eorpacha a mhéadú le buiséad an Aontais.

Tar éis litir ón Uachtarán von der Leyen an 4 Márta, a seoladh chuig an gComhairle Eorpach, is é is aidhm don togra seo raon feidhme STEP a leathnú tríd an gceathrú hearnáil straitéiseach a thabhairt isteach lena gcumhdófar na teicneolaíochtaí agus na táirgí uile a bhaineann le cosaint, lena n-áirítear iad siúd a thagann faoi na réimsí cumais tosaíochta a shainaithnítear sa Pháipéar Bán.

Dá bhrí sin, d'fhéadfaí STEP a ghiaráil chun acmhainní agus infheistíochtaí breise a dhíriú isteach in earnáil na cosanta, go háirithe a bonn tionsclaíochta teicneolaíoch.

Chuige sin, tugtar isteach leis an togra seo modhnuithe ar Rialachán STEP, agus ar rialacháin clár eile a chumhdaítear le STEP: an Ciste Eorpach Cosanta (CEC), an Clár don Eoraip Dhigiteach (DEP) agus Fís Eorpach. Ina theannta sin, leasófar leis an togra seo freisin an rialachán maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) chun cistí an Aontais a dhíriú a thuilleadh ar an tionscal cosanta agus ar theicneolaíochtaí cosanta.

Is é is aidhm do leasú CEC carnadh cistiúcháin a chumasú idir CEC agus cláir eile de chuid an Aontais le haghaidh na gníomhaíochta céanna agus tugtar isteach an fhéidearthacht d'acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi chistí an bheartais chomhtháthaithe a aistriú chuig CEC. Leasaítear ASAP freisin chun aistrithe comhchosúla ó na Ballstáit a chumasú agus chun infheidhmeacht an Rialacháin a leathnú tar éis an 30 Meitheamh 2025.

Leagtar béim sa leasú ar an gClár don Eoraip Dhigiteach ar an tacaíocht do ghníomhaíochtaí dé-úsáide mar chuspóir ginearálta sonrach de chuid na hionstraime agus ar an bhféidearthacht leas a bhaint as an tsolúbthacht bhuiséadach chun tacú le hinfheistíochtaí dea-dhírithe breise ar mhaithe le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais.

Leis an leasú ar an gclár Fís Eorpach, beifear in ann tacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith acu faoi Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE), chomh maith le tacaíocht chothromais do theicneolaíochtaí agus béim á leagan ar fheidhmeanna cosanta le haghaidh uas-scálú. Ba cheart méideanna nár úsáideadh agus torthaí féideartha ó infheistíochtaí arna ndéanamh ag Ciste CNE le linn na treoirthréimhse faoi Fhís 2020 a chur ar fáil chun tionscadail bhreise le haghaidh dé-úsáide agus cosanta a mhaoiniú, ar tionscadail iad a bhaineann tairbhe as an raon feidhme leasaithe.

A bhuí leis an togra sin, d'fhéadfadh an Coimisiún Séalaí STEP[1] faoi Fhís Eorpach, CEC agus DEP a bhronnadh ar thionscadail a d'fhéadfadh a bheith ann in earnáil na cosanta freisin, agus é de chuspóir aige cistiú a mhealladh ó fhoinsí eile (cistí eile de chuid an Aontais, cistí náisiúnta, infheisteoirí príobháideacha nó institiúideacha).

Mhol an Coimisiún an 1 Aibreán 2025 modhnú a dhéanamh ar na Rialacháin maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)/an Ciste Comhtháthaithe (CC), an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) agus Ciste Sóisialta na hEorpa + (CSE+) chun infheistíochtaí sa chosaint a chur chun cinn a thuilleadh mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar an mBeartas Comhtháthaithe.

Comhlánaíonn an togra seo an t-athbhreithniú meántéarma ar an mBeartas Comhtháthaithe. Le leathnú raon feidhme STEP, d'fhéadfaí tacú le hinfheistíochtaí i bhforbairt agus monarú teicneolaíochtaí criticiúla i réimse na cosanta faoi chuspóirí sonracha STEP atá ann cheana in CFRE agus in CC. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfaí tacú le scileanna atá ábhartha d'fhorbairt/do mhonarú teicneolaíochtaí criticiúla in earnáil na cosanta faoi STEP freisin trí CSE+.

Tá gá le cur chuige comhordaithe ar leibhéal an Aontais chun foráil a dhéanamh maidir le soghluaisteacht gan uaim do phearsanra míleata agus do threalamh míleata ar fud na hEorpa. Is féidir le SCE, mar chlár a bhainistítear go lárnach, a áirithiú go roghnófar tionscadail soghluaisteachta míleata a bhfuil breisluach Eorpach ard agus aibíocht ard i gceist leo le haghaidh cur chun feidhme tapa comhordaithe ó Bhallstát go chéile, bunaithe ar na conairí soghluaisteachta míleata. Ráthaítear le SCE freisin go mbeidh Foireann Mhíleata an Aontais

[1] Is é Séala STEP an Séala Ceannasachta a shainítear i Rialachán (AE) 2024/795

rannpháirteach i roghnú na dtionscadal agus go gcomhlíonfaidh tionscadail roghnaithe na caighdeáin theicniúla is gá le haghaidh bonneagar iompair dé-úsáide.

Leis an togra le haghaidh athbhreithniú meántéarma ar an mBeartas Comhtháthaithe, cuirtear ar a gcumas na mBallstát an cistiú comhtháthaithe atá ann faoi láthair a úsáid chun infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cosanta nó dé-úsáide chun soghluaisteacht mhíleata a chothú, agus tairbhe á baint acu as réamh-mhaoiniú 30 % de na méideanna atá cláraithe agus as an bhféidearthacht de mhaoiniú ón Aontas suas le 100 % a chur i bhfeidhm. Díreoidh na hinfheistíochtaí sin go príomha ar na ceithre Chonair Thosaíochta Soghluaisteachta Míleata de chuid an Aontais. Maidir le hinfheistíochtaí sa tsoghluaisteacht mhíleata, sa Teachtaireacht a ghabhann leis an athbhreithniú meántéarma ar an mBeartas Comhtháthaithe, spreagtar na Ballstáit chun úsáid a bhaint as an bhféidearthacht acmhainní a leithdháiltear orthu faoi bhainistiú comhroinnte a aistriú chuig SCE, ag tairbhiú an tráth céanna de na rátaí buntáisteacha réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe agus atá ag cistiú comhtháthaithe. Tá leasú ar Rialachán SCE beartaithe chun an próiseas sin a éascú.

Leis an leasú ar chlár SCE le haghaidh na hearnála digití, cumasófar na hacmhainneachtaí digiteacha nasctha is gá chun táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a fhorbairt, lena n-áirítear néalríomhaireacht, IS agus Gigeamhonarchana IS a nascadh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra comhsheasmhach leis na cuspóirí a leanann na cláir AE thuasluaite agus cistí an bheartais comhtháthaithe. Soláthraítear ann leasuithe spriocdhírithe ar Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus (AE) 2024/795.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra teoranta do leasuithe spriocdhírithe ar Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus (AE) 2024/795 agus tá sé comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais i gcónaí.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagail 114, 164, 172, 173, 175, an tríú mír, 176, 177, 178, 182, 183, 188, agus 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is é is aidhm don togra infheistíochtaí sa chosaint a spreagadh trí dhreasachtaí a sholáthar, trí bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaint agus trí níos mó solúbthachta agus simplithe a áirithiú. Ní féidir an méid céanna sin a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Is é is aidhm don togra infheistíochtaí sa chosaint a shlógadh agus níos mó solúbthachta agus simplithe a sholáthar chun dlús a chur le hinfheistíochtaí. Ní théann na bearta thar a bhfuil riachtanach chun na spriocanna sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán an ionstraim iomchuí toisc go bhforáiltear leis rialacha is infheidhme go díreach maidir leis an tacaíocht agus toisc gur gá leasuithe a thabhairt isteach ar Rialacháin atá ann cheana.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

N/B

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/B

- **Measúnú tionchair**

Ní chruthaítear ionstraim nua leis an togra seo ach cuirtear chun feidhme é trí uirlisí atá ann cheana faoi bhuiséad an Aontais, a leasaítear chun go mbeifear in ann acmhainní infheistíochta a shlógadh ar bhealach níos fearr sa chosaint. Rinneadh measúnú tionchair ar na hionstraimí sin atá ann cheana, amhail Fís Eorpach, an Clár don Eoraip Dhigiteach, an Ciste Eorpach Cosanta nó an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa. Cumhdaítear leis an anailís sin, a dhéantar i measúnuithe tionchair nó i ndoiciméid oibre foirne anailíseacha, na tionchair is mó atá ag an togra seo. Ar na cúiseanna sin, níl gá le measúnú tionchair eile. Thairis sin, ní gá measúnú tionchair ar leithligh a dhéanamh ar na hathruithe teoranta spriocdhírithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Cearta bunúsacha**

N/B

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maoineofar an tionscnamh seo le hacmhainní atá ann cheana, laistigh d’imchlúdaigh chomhaontaithe na gclár lena mbaineann agus leis an AD leithdháilte.

Leis an togra, neartófar imchlúdach CNE le EUR 210 milliún ó mhéideanna agus athshreabha threoirthionscadal CNE de chuid Fhís 2020 nár úsáideadh.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán agus tuairisciú ar chur chun feidhme an bhirt faoi chuimsiú na sásraí tuairiscithe ginearálta arna mbunú faoi gach clár agus ciste.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

2025/0103 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114, 164, 172, 173, Airteagal 175, an tríú mír, Airteagail 176, 177 agus 178, 182, 183, 188, 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar gheall ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus ar an meath tapa ar leibhéil na bagartha réigiúnaí agus domhanda, tá gá le dlús práinneach mór a chur le caiteachas an Aontais ar thaighde agus forbairt, ar acmhainneacht thionsclaíoch agus ar fhorbairt bonneagar atá nasctha leis an tslándáil agus leis an gcosaint. Mar a sainaithníodh sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, ba cheart don Aontas níos mó a dhéanamh chun tacú leis an ngéarghá atá le hinfheistíochtaí Eorpacha a bhaineann le cosaint a mhéadú le buiséad an Aontais.

(2) Is tionscnamh é an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais trí chistí a shlógadh ó 11 chlár de chuid an Aontais atá ann cheana i dtreo teicneolaíochtaí criticiúla i dtrí earnáil straitéiseacha: teicneolaíochtaí digiteacha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta,

2 IO C , , lch. .

3 IO C , , lch. .

4 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj)

teicneolaíochtaí agus biteicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní. Dá réir sin, is bealach maith é acmhainní an Aontais a shlógadh, ar bhealach comhordaithe agus sineirgeach, i dtreo na cosanta, lena n-áirítear príomhtheicneolaíochtaí digiteacha teorann a bhfuil gá leo chun táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a fhorbairt.

(3) Cé gur féidir tacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí a bhfuil impleachtaí cosanta acu sa lá atá inniu ann faoi na 3 earnáil straitéiseacha atá ann cheana a sainaithníodh in STEP, is cosúil gur gá na féidearthachtaí a bhaineann le forbairt taighde, tionscail agus nuálaíochta i réimse na cosanta a mhéadú tríd an gceathrú hearnáil straitéiseach a leagan amach in STEP atá dírithe ar theicneolaíochtaí cosanta. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an earnáil straitéiseach nua seo go n-úsáidfear dreasachtaí STEP chun cistiú an Aontais i dteicneolaíochtaí cosanta a mhéadú agus chun cur leis an iomaíochas i gcomhréir le cuspóirí STEP. Ba cheart teicneolaíochtaí cosanta a thuiscint mar na teicneolaíochtaí sin dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE agus ba cheart go n-áireofaí leo, go háirithe, teicneolaíochtaí sna réimsí a shainaithin an Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025, mar atá: cosaint frithdhiúracáin, córais airtléire, lena n-áirítear cumais domhain-ionsaithe, diúracáin agus armlón, ladrainn agus córais frith-ladrann, cumasóirí straitéiseacha, lena n-áirítear an méid sin i ndáil le cosaint spáis agus bonneagair chriticiúil, soghluaisteacht mhíleata, cibearchogaíocht, cogaíocht intleachta saorga agus cogaíocht leictreonach. A mhéid a bhaineann leis an intleacht shaorga, ba cheart Gigeamhonarchana IS a bheith ina bpríomhbhonneagair chun cumhacht na hintleachta saorga i dteicneolaíochtaí cosanta a leathnú go tapa.

(4) Ina theannta sin, chun acmhainneacht na gclár a chumhdaítear le STEP a bharrfheabhsú chun acmhainní an Aontais a shlógadh i dtreo na cosanta, is gá a shoiléiriú gur féidir leis na cláir sin cuspóirí agus gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le feabhas a chur ar iomaíochas Bhonn Tionsclaíochta Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) chomh maith le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse na cosanta.

(5) Is é Fís Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] príomhchlár cistiúcháin an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta. Le Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE), a bunaíodh leis an Rialachán sin, tugtar tacaíocht, go háirithe, do nuálaíochtaí lena mbaineann acmhainneacht cheannródaíoch agus de chineál suaiteach lena mbaineann acmhainneacht mhéadaithe a bhféadfadh riosca rómhór a bheith ag baint leo d'infheisteoirí príobháideacha. Tá maoiniú de dhíth ar FBManna atá ag feidhmiú laistigh d'earnáil na cosanta chun táirgí nuálacha a thráchtálú. Mar sin féin, tá bacainní níos airde roimh na cuideachtaí sin maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú i gcomparáid le FBManna in earnálacha eile. Cé go dtugtar an tacaíocht don taighde agus don fhorbairt i réimse na cosanta tríd an gCiste Eorpach Cosanta (CEC), ar clár sonrach de chuid Fhís Eorpach é, is iomchuí Luasaire CNE a oscailt le haghaidh gníomhaíochtaí a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith acu. Ba cheart tacaíocht do mhéadú faoi Luasaire CNE a leathnú freisin chuig FBManna neamhiontaofa ó thaobh brabúis de, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga nach

---

[5] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/2024-03-01)

bhfuil iontaofa ó thaobh brabúis de, lena n-áirítear eintitis a bhfuil tacaíocht faighte acu cheana féin ón Luasaire atá i mbun nuálaíocht cheannródaíoch shuaiteach neamhiontaofa ó thaobh brabúis de agus béim á leagan ar fheidhmeanna cosanta. Tugann sé sin údar le heisceacht spriocdhírithe ar an bprionsabal a leagtar amach in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar dá réir a dhíríonn gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta faoi Fhís Eorpach go heisiach ar fheidhmeanna sibhialta agus gan an bonn a bhaint den chuspóir dúbailtí neamhriachtanacha a áirithiú.

(6) Thairis sin, chun a áirithiú go ndíreofar acmhainní iomchuí ar chistiú tionscadal dé-úsáide agus cosanta faoi Fhís Eorpach, is iomchuí maolú ar Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais chun a áirithiú nach dtreorófar aisíocaíochtaí, lena n-áirítear airleacain aisíoctha, ioncaim agus méideanna neamhúsáidte glan ó tháillí agus ó chostais chomhpháirt infheistíochta maoinithe cumaiscthe CNE de scéim phíolótach CNE faoi Fhís 2020 chuig buiséad an Aontais ach go ndéanfar iad a athinfheistiú i gCiste CNE chun tionscadail bhreise dé-úsáide agus cosanta a mhaoiniú a thairbhíonn den raon feidhme leasaithe. Ba cheart an tréimhse ama a leagtar amach in Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais a oiriúnú freisin, trí mhaolú a chur isteach, chun an fhéidearthacht sin a cheadú.

(7) Is é an Ciste Eorpach Cosanta (CEC) a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] an príomhchlár chun iomaíochas, nuálaíocht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas teicneolaíoch thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú. Tá sé d'aidhm ag CEC freisin tacú le gníomhaíochtaí atá fabhrach d'fhorbairt teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint. Chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar shainiúlachtaí na ngníomhaíochtaí sin, amhail a mionscála nó an gá atá acu le tacaíocht thapa, is iomchuí simpliú a dhéanamh ar na nósanna imeachta chun cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíocht na ngníomhaíochtaí sin agus, an tráth céanna, na coinníollacha a leagan amach don chinneadh maidir le tacaíocht den sórt sin sa chlár oibre. .

(8) Is gá freisin leas a bhaint as sineirgí idir CEC agus cláir eile de chuid an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, tríú tíortha, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais nó tríú páirtithe eile a bheith in ann ranníocaíochtaí deonacha a sholáthar don Chlár, mar ioncam sannta seachtrach. Ba cheart a bheith in ann aistrithe deonacha acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte ar CEC agus comhcheangal na ranníocaíochtaí ó EDF le cláir eile de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha, ar choinníoll nach mó an tacaíocht charnach ón Aontas ná costais incháilithe iomlána na gníomhaíochta.

(9) Is é is aidhm don Chlár don Eoraip Dhigiteach (DEP) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] tacú le claochlú digiteach gheilleagar, thionscal agus shochaí na hEorpa agus dlús a chur leis agus iomaíochas na hEorpa sa gheilleagar digiteach domhanda a fheabhsú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gclár freisin tacú, go háirithe, le tionscadail, seirbhísí agus

[6] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/2024-03-01).

[7] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/694/2023-09-21)

inniúlachtaí a bhféadfadh feidhm dé-úsáide a bheith acu faoina chuspóirí sonracha uile.

(10) Chun ceannasacht theicneolaíoch agus iomaíochas a fheabhsú, tá gá ag an Aontas leis na bonneagair ríomhaireachta, néalríomhaireachta agus sonraí a theastaíonn ó cheannaireacht IS. Mar chuid den straitéis um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga, tá monarchana intleachta saorga agus Gigeamhonarchana ríthábhachtach chun go mbeidh an tAontas in ann dul san iomaíocht ar an leibhéal domhanda agus chun a neamhspleáchas straitéiseach agus a iomaíochas a áirithiú san eolaíocht, sa taighde dé-úsáide agus in earnálacha tionsclaíocha criticiúla, lena n-áirítear tionscal na cosanta. Le samhlacha den chéad ghlúin eile den sórt sin, teastaíonn bonneagar ríomhaireachta nasctha fairsing le haghaidh dul chun cinn i réimsí sonracha, lena n-áirítear an chosaint. Is iomchuí, dá bhrí sin, cuspóir oibríochtúil forlíontach a chur le Cuspóir Sonrach 1 – An Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta den Chlár don Eoraip Dhigiteach, cuspóir oibríochtúil forlíontach atá tiomnaithe do chur chun úsáide agus oibriú Monarchana IS agus glúin nua de Ghigeamhonarchana IS a speisialaíonn i bhforbairt, oiliúint agus reáchtáil na samhlacha agus feidhmchlár intleachta saorga is casta, an-mhór, lena n-áirítear na crua-earraí agus bogearraí is gá le haghaidh an chuir in úsáid sin.

(11) I gCuspóir Sonrach 5 den Chlár don Eoraip Dhigiteach – Cur Chun Úsáide agus Úsáid is Fearr na hAcmhainneachta Digití agus Idir-inoibritheacht, is gá freisin tagairt don chosaint a chur leis an gcuspóir oibríochtúil a shainítear chun tacú leis an earnáil phoiblí agus le réimsí a bhaineann le leas an phobail chun a shoiléiriú gur féidir ranníocaíocht airgeadais an Aontais faoi Chuspóir den sórt sin a leathnú chuig an earnáil sin.

(12) Is gá freisin na rialacha incháilitheachta a d'fhéadfaí a leagan amach i gclár oibre an Chláir don Eoraip Dhigiteach a oiriúnú ionas gur féidir foráil a dhéanamh nach mbeidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe agus eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngach gníomhaíocht nó i gcuid de na gníomhaíochtaí atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu faoi aon chuspóir sonrach. I gcásanna den sórt sin, ba cheart tograí agus glaonna ar thairiscintí a theorannú d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe nó a mheastar a bheith bunaithe sna Ballstáit agus atá á rialú ag na Ballstáit nó náisiúnaigh de chuid na mBallstát.

(13) Glacadh Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena dtacaítear le táirgeadh armlóin (ASAP)[8] chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do neartú práinneach fhreagrúlacht agus chumas EDTIB chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil armlóin talamh go talamh agus armlóin airtléire chomh maith le diúracáin a áirithiú. Le haistrithe deonacha acmhainní a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte chuig ionstraim ASAP chomh maith le ranníocaíochtaí deonacha breise ó na Ballstáit nó ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile, ba cheart rannchuidiú leis an tacaíocht a shaothrú chun borradh a chur faoi acmhainneachtaí monaraíochta an Aontais tar éis an 30 Meitheamh 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2023/1525 a leasú chun an fhéidearthacht sin a thabhairt isteach. Ós rud é gur léiríodh go bhfuil an Rialachán sin úsáideach chun acmhainneachtaí

[8] Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lgh. 7–25, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj)

táirgeachta nua a fhorbairt maidir le púdar/tiomántán, pléascáin, blaoscanna, acmhainneacht tástála, agus diúracáin ar fud an Aontais, is iomchuí a áirithiú go gcuirfear síneadh lena chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026.

(14) Is é is aidhm don tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] dlús a chur leis an infheistíocht i réimse na ngréasán tras-Eorpach, rud a chumasóidh sineirgí idir earnáil an iompair, earnáil an fhuinnimh agus earnáil na seirbhísí digiteacha. Chun tacú leis an mbonneagar ríomhaireachta nasctha a theastaíonn ó tháirgí agus teicneolaíochtaí cosanta agus lasmuigh de na réimsí sin, ba cheart cuspóirí earnáil dhigiteach SCE laistigh den Rialachán sin a leathnú chuig cur chun úsáide agus soláthar acmhainneachtaí digiteacha amhail néalríomhaireacht, IS agus Gigeamhonarchana IS.

(15) Tá an tsoghluaisteacht mhíleata ar cheann de chuspóirí chlár SCE freisin. Sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, aithníodh an tsoghluaisteacht mhíleata mar chumasóir fíor-riachtanach do shlándáil agus cosaint na hEorpa agus leagadh béim ar bhreisluach an Aontais maidir le tacú le bonneagar dé-úsáide le haghaidh na soghluaisteachta. Leis an athbhreithniú meántéarma ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus ar an gCiste Comhtháthaithe araon a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], tugadh isteach an fhéidearthacht infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cosanta nó dé-úsáide chun soghluaisteacht mhíleata a chothú a thairbhíonn de réamh-mhaoiniú 30 % de na méideanna atá beartaithe agus an fhéidearthacht maoiniú ón Aontas suas le 100 % a chur i bhfeidhm. I gcásanna ina n-aistríonn na Ballstáit acmhainní a leithdháiltear orthu faoin mbainistiú comhroinnte chuig SCE, ba cheart dóibh tairbhiú de na coinníollacha céanna maidir le réamh-mhaoiniú agus cómhaoiniú le haghaidh tionscadail bhonneagair iompair dé-úsáide mar a tugadh isteach in CFRE agus sa Chiste Comhtháthaithe. I gcás den sórt sin, ba cheart na méideanna sin a fhorchoimeád do thionscadail lena bhforbraítear na conairí Soghluaisteachta Míleata arna sainaithint ag na Ballstáit i gCeanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas agus lasmuigh de chomh maith le nascacht dhigiteach agus acmhainneachtaí digiteacha.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus (AE) 2024/795 a leasú dá réir.

(17) I bhfianaise a phráinní atá sé infheistíochtaí ríthábhachtacha sa chosaint a chumasú i gcomhthéacs dúshláin phráinneacha gheopholaitiúla, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

(18) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin gníomhaíochtaí taighde agus forbartha dé-úsáide agus cosanta a neartú, iomaíochas thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú agus, dá bhrí sin, rannchuidiú le cosaint an Aontais trí infheistíochtaí na dtosaíochtaí criticiúla sin a athdhíriú, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas

[9] Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249 14.7.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/2024-07-18)

[10] Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1058/2024-12-24)

bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 [an Clár don Eoraip Dhigiteach] mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(1), an dara fomhír, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(c) tacú le tionscadail, seirbhísí, inniúlachtaí agus feidhmchláir dé-úsáide.';

(2) in Airteagal 4(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(d) Monarchana IS agus glúin nua de Ghigeamhonarchana IS a chur chun úsáide agus a oibriú, a speisialaíonn i bhforbairt, oiliúint agus reáchtáil na samhlacha agus na bhfeidhmchlár intleachta saorga is casta, an-mhór, lena n-áirítear na crua-earraí agus bogearraí is gá le haghaidh an chuir chun úsáide sin.';

(3) in Airteagal 8(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) tacú leis an earnáil phoiblí agus le réimsí a bhaineann le leas an phobail, amhail an tsláinte agus an cúram sláinte, an t-oideachas, na breithiúna, custam, an chosaint, an t-iompar, an tsoghluaisteacht, an fuinneamh, an comhshaol agus na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear gnólachtaí ábhartha atá bunaithe laistigh den Aontas, chun teicneolaíochtaí digiteacha úrscothacha a chur chun úsáide agus a rochtain go héifeachtach, amhail HPC, candam, IS agus an chibearshlándáil;';

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Féadfar foráil a dhéanamh sa chlár oibre freisin nach bhfuil eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha comhlachaithe agus eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ó thríú tíortha incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngach gníomhaíocht nó i gcuid de na gníomhaíochtaí faoi Chuspóir Sonrach 3 ar chúiseanna slándála a bhfuil údar cuí leo, agus i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar theicneolaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu faoi aon chuspóir sonrach. I gcásanna den sórt sin, teorannófar tograí agus glaonna ar thairiscintí d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe nó a mheastar a bheith bunaithe sna Ballstáit agus atá á rialú ag na Ballstáit nó náisiúnaigh de chuid na mBallstát. Féadfar srianta den sórt sin a chur i bhfeidhm maidir le rochtain ar na hacmhainneachtaí a chuirtear chun úsáide faoi na nglaonna sin.'

*Airteagal 2*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/695 [Fís Eorpach] mar a leanas:

(1) In Airteagal 46, cuirtear an mhír 4a seo a leanas leis:

'4a. De mhaolú ar Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais, aisíocaíochtaí lena n-áirítear airleacain inaisíoctha, ioncaim agus méideanna nár úsáideadh glan ó tháillí agus ó chostais mhaoiniú cumaiscthe CNE de chuid threoirthionscadal CNE faoi Fhís 2020, measfar gur ioncaim shannta inmheánacha iad i gcomhréir le hAirteagal 21(3), pointe (f) agus Airteagal 21(4) agus (5) den Rialachán Airgeadais agus beidh feidhm

ag an srian ama 2 bhliain a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 212(3) den Rialachán Airgeadais ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar aghaidh.'

(2) Leasaítear an dara fomhír d'Airteagal 48(1) mar a leanas:

(a) i bpointe (a), cuirtear an abairt seo a leanas leis:

'Mar eisceacht ar Airteagal 7(1), féadfar feidhmeanna dé-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh sa tacaíocht sin.';

(b) i bpointe (b), cuirtear an abairt seo a leanas leis:

'Mar eisceacht ar Airteagal 7(1), féadfar feidhmeanna dé-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh sa tacaíocht sin.';

(c) i bpointe (c), cuirtear an abairt seo a leanas leis:

'Mar eisceacht ar Airteagal 7(1), féadfar feidhmeanna dé-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh sa tacaíocht sin.';

(d) i bpointe (d), cuirtear isteach an abairt seo a leanas:

'Mar eisceacht ar Airteagal 7(1), féadfar nuálaíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla a áireamh sa tacaíocht sin agus béim á leagan ar fheidhmeanna cosanta.';

*Airteagal 3*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/697 [an Ciste Eorpach Cosanta] mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*'Airteagal 6*

**Tacaíocht do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint**

1. Tacóidh an Coimisiún le gníomhaíochtaí atá fabhrach do theicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint a fhorbairt sna réimsí idirghabhála a shainítear sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 24.

2. Leagfar síos sna cláir oibre na modhanna cistiúcháin, na critéir roghnúcháin agus dámhachtana agus na próisis is iomchuí, agus an cur chun feidhme le haghaidh teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint.';

(2) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

*'Airteagal 8a*

**Cistiú carnach agus aistrithe acmhainní**

1. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a thabhairt dí faoin gClár freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha gach cláir ábhartha de chuid an Aontais maidir lena ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Féadfar an tacaíocht as na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro-rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte a aistriú, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, chuig an gClár faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060 le haghaidh 2021-2027. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Such resources shall be used for the benefit of the Member State concerned.

Féadfar acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, de mhaolú ar Airteagal 13(2) den Rialachán seo, a úsáid chun ranníocaíocht suas le 100 % de na costais incháilithe a dhéanamh le gníomhaíochtaí incháilithe faoi Airteagal 10 den Rialachán seo.

3. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 3 agus ar a dhéanaí faoin 30 Meán Fómhair 2027, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach ábhartha amháin nó níos mó , arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060.

4. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais breise a sholáthar don Chlár. Ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e) nó Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais sin.';

*Airteagal 4*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1153 [an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa] mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3(2) mar a leanas:

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) san earnáil dhigiteach: rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn a bhaineann le líonraí fíor-ardacmhainneachta atá sábháilte agus slán, lena n-áirítear córais 5G, a chur chun úsáide agus a rochtain, le bunú agus cur chun úsáide acmhainneachtaí digiteacha amhail néalríomhaireacht, IS agus Gigeamhonarchana IS, le hathléimneacht mhéadaithe agus acmhainneacht mhéadaithe na gcroí-líonraí digiteacha ar chríocha an Aontais trína nascadh le críocha comharsanachta, chomh maith le digitiú na líonraí iompair agus fuinnimh.';

(2) cuirtear an pointe (f) a leanas le hAirteagal 8(4):

'(f) tabharfar tosaíocht do thionscadail leasa choitinn a rannchuidíonn le hacmhainneachtaí digiteacha a chur ar bun agus a chur chun úsáide nó a uasghrádú go mór, lena n-áirítear néalríomhaireacht, IS agus Gigeamhonarchana IS de réir a mhéid a rannchuidíonn siad go mór le feabhas a chur ar fheidhmíocht, athléimneacht agus slándáil na mbonneagar iompair, fuinnimh agus digiteach atá ríthábhachtach chun an margadh inmheánach a chur chun feidhme.';

(3) cuirtear an pointe (f) a leanas le hAirteagal 9(4):

‘(f) gníomhaíochtaí lena dtacaítear le hacmhainní digiteacha a chur ar bun agus a chur chun úsáide i néalríomhaireacht, IS agus Gigeamhonarchana IS.’;

(4) cuirtear an pointe (ba) seo a leanas le hAirteagal 15(2):

‘(ba) Faoi réir aistriú na n-acmhainní is gá chuig SCE i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chláir a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ón gCiste Comhtháthaithe [cuir isteach tagairt dhlíthiúil don Rialachán arna ghlacadh de bhun COM(2025)123, 2025/0084 (COD)], de bhun Airteagal 4(13), maidir le hoibreacha a bhaineann leis na cuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (a)(ii), beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

(i) féadfar rátaí cómhaoinithe a mhéadú go 100 % ar a mhéad;

(ii) tá gníomhaíochtaí i dteideal íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin arb í 30 % ar a laghad den mhéid a leithdháiltear sa chomhaontú deontais í;

(iii) beidh gníomhaíochtaí lonnaithe ar cheann amháin nó níos mó de na ceithre Chonair Thosaíochta Soghluaisteachta Míleata de chuid an Aontais arna sainaithint ag na Ballstáit in Iarscríbhinn II a ghabhann leis na Ceanglais Mhíleata maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata laistigh den Aontas agus lasmuigh de, arna nglacadh ag an gComhairle an [18 Márta 2025 agus le tagairt ST 6728/25 ADD1] agus comhlíonfaidh siad na ceanglais bhonneagair a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1328 ón gCoimisiún.

*Airteagal 5*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/1525 [ASAP] mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘3a. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais breise a sholáthar don Ionstraim. Ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d) nó (e), nó Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais sin.

3b. Maidir le hacmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht roinnte, féadfar, arna iarraidh sin ag na Ballstáit lena mbaineann, iad a aistriú chuig an Ionstraim, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), den Rialachán Airgeadais nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Such resources shall be used for the benefit of the Member State concerned.

3c. Féadfar acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 3b den Airteagal seo, de mhaolú ar Airteagal 19c(6) den Rialachán seo, a úsáid chun ranníocaíocht suas le 100 % de na costais incháilithe a dhéanamh le gníomhaíochtaí incháilithe faoi Airteagal 13 den Rialachán seo.

3d. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir le mír 3 agus ar a dhéanaí faoin 30 Meán Fómhair 2027, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach ábhartha amháin nó níos mó, arna

iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060.'

(2) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

'Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 31 Nollaig 2026. Ní dhéanfaidh sé sin difear do leanúnachas ná do mhodhnú gníomhaíochtaí a thionscnófar de bhun an Rialacháin seo ná d'aon ghníomhaíocht is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.'

*Airteagal 6*

In Airteagal 2(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/795, [An tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)] cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(iv) teicneolaíochtaí cosanta;'

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ........ 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ........ 3

1.3. Cuspóirí ........ 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ........ 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ........ 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ........ 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ........ 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: ........ 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ........ 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ........ 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ........ 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ........ 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ........ 8

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe ........ 8

2.2.1. An bonn cirt atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid, le sásra/sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ........ 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ........ 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí

gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) .............................. 8
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.................................................... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ............................................................................ 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.............................................................................. 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ................ 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ............................................................................ 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........................................ 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ............................................. 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin.............................................................................. 24
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........................................ 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ............................................. 24
3.2.3.3. Iomlán leithreasuithe.............................................................................. 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.......................................... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.................................. 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ....................................... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ...................................... 26
3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha.............................................................. 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ...................................... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.................................................................. 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ......................................................... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA.......................................................................... 29
4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach ...................................................... 30
4.2. Sonraí .................................................................................................. 30
4.3. Réitigh dhigiteacha.................................................................................. 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheacha ........................................................................ 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ................................................... 32

# 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

## 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, (AE) 2023/1525 agus 2024/795 a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme.

## 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ré nua do Chosaint agus Slándáil na hEorpa

## 1.3. Cuspóirí

### *1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Infheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint i mbuiséad an Aontais a dhreasú agus tionscal cosanta agus bonn teicneolaíoch an Aontais a neartú i gcomhréir leis an bPlean ReArm Europe.

### *1.3.2. Cuspóirí sonracha*

- Leathnú an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) a chumasú chun teicneolaíochtaí agus táirgí a bhaineann leis an gcosaint a chumhdach, agus chun uathriail straitéiseach an Aontais in earnáil na cosanta a neartú.
- An Ciste Eorpach Cosanta (CEC) a leasú chun 1) leas níos fearr a bhaint as sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais trí chead a thabhairt ranníocaíochtaí CEC a chomhcheangal le cláir eile de chuid an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha; 2) aistrithe deonacha acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte ar CEC a cheadú; 3) an próiseas meastóireachta agus cistiúcháin a chuíchóiriú maidir le teicneolaíochtaí suaiteacha um chosaint a fhorbairt.
- An Rialachán maidir leis an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP) a leasú chun 1) an fhéidearthachta thabhairt isteach acmhainní a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte a aistriú go deonach chuig ASAP, chomh maith le ranníocaíochtaí deonacha breise ó na Ballstáit nó ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile; 2) síneadh a chur le cur i bhfeidhm Rialachán ASAP go dtí an 31 Nollaig 2026 chun tacaíocht leanúnach a áirithiú d'fhorbairt acmhainneachtaí táirgeachta nua le haghaidh armlóin agus táirgí gaolmhara.
- An Clár don Eoraip Dhigiteach (DEP) a leasú chun feabhas a chur ar a fhócas ar uathriail straitéiseach agus ar iomaíochas, agus tacaíocht níos fearr a thabhairt do theicneolaíochtaí agus d'fheidhmeanna dé-úsáide. Áirítear leis sin cur chun úsáide bonneagair dhigitigh amhail an intleacht shaorga, an ríomhaireacht ardfheidhmíochta, agus an chibearshlándáil, e.g. trí Mhonarchana agus Gigeamhonarchana IS a fhorbairt. Áiritheofar leis an leasú freisin go n-úsáidfear cistiú an chláir ar bhealach atá ailínithe le leasanna straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear trí rialacha incháilitheachta a oiriúnú le haghaidh gníomhaíochtaí dé-úsáide.

- Fís Eorpach a leasú chun tacaíocht a chumasú do thionscadail a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith acu faoi Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE), chomh maith le tionscadail a dhíríonn ar fheidhmeanna cosanta faoi mhéadú STEP CNE.
- An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a leasú chun a cuspóirí earnála digití a leathnú chun imscaradh agus soláthar acmhainní digiteacha amhail néalríomhaireacht, IS agus Gigeamhonarchana IS a áireamh, agus rannchuidiú le forbairt tionscadal leasa choitinn a bhaineann le líonraí agus bonneagar éifeachtúla, idirnasctha agus ilmhódacha le haghaidh soghluaisteacht chliste, idir-inoibritheach, inbhuanaithe, chuimsitheach, inrochtana, shábháilte agus shlán i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013.

1.3.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Táthar ag súil go mbeidh na héifeachtaí seo a leanas ag an rialachán mion-omnibus atá beartaithe ar na tairbhithe agus ar na grúpaí ar a bhfuiltear ag díriú:

Infheistíochtaí méadaithe sa chosaint: leis an togra, tabharfar níos mó solúbthachta do na Ballstáit buiséad an Aontais a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais chosanta, rud a fhágfaidh go dtiocfaidh méadú mór ar infheistíochtaí cosanta, i gcomhréir le cuspóirí an Phlean ReArm Europe.

Bonn tionsclaíochta teicneolaíoch feabhsaithe na cosanta Eorpaí (EDTIB): trí thacú le forbairt teicneolaíochtaí cosanta agus dé-úsáide, cuirfidh an togra ar chumas an Aontais a spleáchas ar sholáthróirí neamh-AE a laghdú agus a neamhspleáchas straitéiseach a neartú, rud a neartóidh EDTIB ar deireadh.

Ullmhacht mhíleata, cumais mhíleata agus soghluaisteacht mhíleata fheabhsaithe: cuirfidh an togra ar a gcumas do na Ballstáit a mbearnaí cumais cosanta a chomhlíonadh, an ullmhacht mhíleata is gá a fhorbairt chun ionsaí armtha a dhíspreagadh go hinchreidte, agus soghluaisteacht mhíleata ar fud na mór-roinne a fheabhsú, lena n-áirítear trí chonairí Soghluaisteachta Míleata a fhorbairt. Ba cheart na rátaí nua réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe le haghaidh tionscadail bonneagair iompair dé-úsáide a bheith ina ndreasachtaí do na Ballstáit acmhainní a aistriú ón mbainistiú comhroinnte chuig SCE, rud a chumasódh cur chuige comhordaithe i leith infheistíochtaí soghluaisteachta míleata ar fud na mBallstát agus a rannchuideodh le cuspóirí an Pháipéir Bháin Chomhpháirtigh maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030.

Tacaíocht do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta: trí Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) agus uas-scálú CNE maidir le teicneolaíochtaí dé-úsáide agus cosanta a oscailt, cuirfidh an togra nuálaíocht agus iomaíochas chun cinn san Aontas, neartóidh sé EDTIB, agus soláthróidh sé deiseanna do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta forbairt agus fás a dhéanamh.

Sineirgí méadaithe le hearnálacha eile: leis an togra, éascófar sineirgí méadaithe idir earnáil na cosanta agus earnálacha eile, amhail earnálacha digiteacha, trí mhaoiniú tionscnamh amhail Monarchana IS agus Gigeamhonarchana IS a chumasú, chomh maith le tionscadail dé-úsáide a bhféadfadh éifeachtaí seach-iarmharta a bheith acu ar an nuálaíocht agus ar an iomaíochas i réimsí áirithe, amhail an taighde, an teicneolaíocht agus an tionsclaíocht.

| |
|---|
| Rachaidh na torthaí agus na tionchair sin a bhfuiltear ag súil leo chun tairbhe do **pháirtithe leasmhara éagsúla**, lena n-áirítear na páirtithe leasmhara seo a leanas:<br>– Na Ballstáit, trí níos mó solúbthachta a sholáthar chun úsáid a bhaint as cistiú ón Aontas chun tacú leis an tslándáil agus leis an gcosaint<br>–Tionscal cosanta an Aontais, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, trí dheiseanna fáis agus nuálaíochta a chur ar fáil agus EDTIB a neartú.<br>– Saoránaigh an Aontais, trí rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an uathriail straitéiseach |

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

| Cuspóir Sonrach | Táscaire |
|---|---|
| Bonn teicneolaíochta tionsclaíoch feabhsaithe cosanta Eorpaí (EDTIB) agus athléimneacht an tslabhra soláthair | Líon na dtionscadal cosanta a fhaigheann tacaíocht ó STEP |
| Soghluaisteacht mhíleata fheabhsaithe | Líon na gcomhpháirteanna bonneagair iompair a cuireadh in oiriúint chun freastal ar cheanglais dé-úsáide |
| Tacaíocht don nuálaíocht i réimse na cosanta<br><br>Tacaíocht do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta a fhorbraíonn teicneolaíochtaí dé-úsáide agus cosanta | Laghdú ama ar mheastóireacht agus dámhachtain thionscadail CEC a bhaineann le teicneolaíochtaí suaiteacha le haghaidh cosanta<br><br>Líon na FBManna cosanta agus dé-úsáide agus na ngnólachtaí nuathionscanta a fhaigheann cistiú trí Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) agus trí Uas-scálú STEP CNE |
| Sineirgí méadaithe le hearnálacha eile, amhail earnálacha digiteacha | Líon na dtionscadal arna gcistiú tríd an gClár don Eoraip Dhigiteach a bhfuil comhpháirt dé-úsáide nó cosanta iontu |

## 1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[11]

☑ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

[11] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é is aidhm don togra aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le hinfheistíochtaí méadaithe tapa sa chosaint agus le EDTIB láidir iomaíoch a fhorbairt, i gcomhréir leis an bPlean ReArm Europe. Is é is aidhm dó athruithe a thabhairt isteach ar chláir an Aontais atá ann cheana, lena n-áirítear STEP, Fís Eorpach, CEC, ASAP, DEP, agus SCE, chun tacú le tionscnaimh chosanta agus dé-úsáide. Tiocfaidh na leasuithe spriocdhírithe ar Rialacháin an Aontais i bhfeidhm láithreach tar éis ghlacadh an Rialacháin atá beartaithe. I gcás inarb ábhartha, ba cheart iad a chur san áireamh agus Cláir Oibre atá ann cheana de thionscnaimh ábhartha á n-ullmhú agus/nó á leasú (Fís Eorpach, SCE, DEP, STEP, CEC). Leis sin, beifear in ann glaonna nua ar thograí a sheoladh agus tionscadail a roghnú atá i gcomhréir le cuspóirí cosanta agus slándála an Aontais agus na mBallstát.

**Amlíne don chur chun feidhme:**

Beidh tionchar ag timthriallta na gclár atá ann cheana ar amlíne chur chun feidhme an rialacháin mion-omnibus agus ag an ngá atá leis na hathruithe a ionchorprú sna cláir oibre ábhartha. I gcás fhormhór na gclár, tá coinne leis go dtabharfar na hathruithe isteach sa chéad chlár oibre eile a bheidh ar fáil, agus seolfar na chéad ghlaonna ar thograí go luath ina dhiaidh sin.

I gcás leasuithe lena dtugtar isteach an deis do na Ballstáit cistí an bheartais chomhtháthaithe a dhíriú ar infheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint (lena n-áirítear SCE, STEP, CEC, ASAP), chun tairbhiú de réamh-mhaoiniú breise 30 % de na méideanna atá clársceidealaithe, ba cheart do na Ballstáit a leasuithe ar an gclár a chur isteach faoi dheireadh 2025.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Baineann breisluach ghníomhaíocht an Aontais lena chumas infheistíochtaí a chomhordú, éifeachtúlacht bhuiséadach a uasmhéadú, agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach maidir le tacú le hinfheistíochtaí cosanta ná mar a d'fhéadfadh aon Bhallstát aonair agus é ag gníomhú ina aonar. Le ról an Aontais maidir le cur chuige comhordaithe i leith na hinfheistíochta cosanta a chur chun cinn, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar a riachtanais chosanta, rud atá ríthábhachtach chun slándáil agus cobhsaíocht an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú.

*Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante):*

– An gá atá le hinfheistíocht chomhordaithe sa chosaint chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus bagairtí comhchoiteanna slándála, nach féidir leis na Ballstáit aonair aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach ina n-aonar.

– An tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht an bhuiséid a uasmhéadú, comhlántacht na gclár cistiúcháin éagsúil a uasmhéadú agus dúbailt iarrachtaí a

laghdú, rud is féidir a bhaint amach trí chomhordú agus trí chomhar ar leibhéal an Aontais.

*Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ex ante):*

– Tacú le hullmhacht cosanta agus feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata, rud a neartóidh cumas na mBallstát freagairt do dhúshláin agus bagairtí comhchoiteanna slándála.

– Iomaíochas agus nuálaíocht mhéadaithe sa tionscal cosanta Eorpach, a eascraíonn as cur chuige comhordaithe an Aontais i leith infheistíocht i réimse na cosanta agus as forbairt Bhonn Tionsclaíochta Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) atá láidir agus iomaíoch.

– Sineirgí a uasmhéadú i measc ionstraimí airgeadais éagsúla an Aontais agus scála agus raon feidhme feabhsaithe, rud a chuirfidh ar a chumas don Aontas a acmhainní a ghiaráil ar bhealach níos éifeachtaí agus tionchar níos mó a bhaint amach lena infheistíochtaí a dhéanann Ballstáit aonair, go háirithe i gcás tionscadail mhórscála.

– Luach níos fearr ar airgead, mar thoradh ar úsáid éifeachtúil acmhainní agus ar dhúbláil iarrachtaí laghdaithe, rud a chuirfidh ar a chumas don Aontas níos mó a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil dó. Trí acmhainní agus saineolas chláir éagsúla an Aontais a chomhcheangal, is féidir leis an Aontas cur chuige níos cuimsithí agus níos comhtháite a chruthú maidir le hinfheistíocht i réimse na cosanta, cur chuige a mbeidh tairbhí agus torthaí níos mó ag baint leis ná mar a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chláir aonair amháin.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá cuntas teiste ag an Aontas maidir lena ionstraimí cistiúcháin a oiriúnú go rathúil chun freagairt do dhúshláin agus do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Mar shampla, le linn phaindéim COVID-19, thug an tAontas roinnt ionstraimí isteach chun tacú le téarnamh agus athléimneacht na réigiún agus na bpobal atá buailte, lena n-áirítear an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII) agus CRII+, chomh maith le REACT-EU (Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa). Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin agus ar an ngéarchéim praghsanna fuinnimh a d'eascair as sin, mhol an tAontas úsáid níos solúbtha a bhaint as a ionstraimí cistiúcháin chun cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla.

Is léir ón taithí sin gur féidir le hoiriúnú ionstraimí cistiúcháin an Aontais a bheith ina bhealach éifeachtach chun freagairt do dhúshláin agus do thosaíochtaí straitéiseacha atá ag teacht chun cinn. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá dlúthchomhordú agus dlúthchomhar idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit agus na húdaráis ábhartha chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí go héifeachtach agus go héifeachtúil.

I gcomhthéacs na hinfheistíochta cosanta, is féidir leis an Aontas leas a bhaint as na ceachtanna sin chun a áirithiú go ndéanfar a ionstraimí cistiúcháin a oiriúnú ar bhealach trédhearcach, cuntasach agus éifeachtach. Trí chur leis an taithí sin a fuarthas roimhe seo, is féidir leis an Aontas creat níos solúbtha agus níos freagrúla a chruthú a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála chasta athraitheacha atá os comhair an Aontais agus a Bhallstát.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá na leasuithe spriocdhírithe atá beartaithe ar Rialacháin ábhartha an Aontais go hiomlán comhoiriúnach leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 atá ann cheana. Níl gá ar bith le cistiú breise ó bhuiséad an Aontais mar gheall ar na leasuithe agus ní athraíonn siad leithdháileadh foriomlán an bhuiséid don chuid is mó de na cláir, toisc go bhfuil siad ceaptha chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana laistigh de na cláir reatha. Tá na solúbthachtaí agus na sineirgí atá beartaithe i measc ionstraimí airgeadais éagsúla an Aontais, amhail STEP, CEC, ASAP, SCE, agus DEP, go hiomlán comhsheasmhach leis an CAI atá ann cheana freisin. Mar sin féin, chun cuspóirí an togra mion-omnibus a bhaint amach, déanfar acmhainní breise arna dtionscnamh ag athshreabha ó threoirthionscadal CNE sa CAI roimhe seo faoin gclár Fís 2020 a leithdháileadh ar Fhís Eorpach, go sonrach don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach. Tacóidh an t-atreisiú spriocdhírithe sin le teicneolaíochtaí nuálacha cosanta agus dé-úsáide a fhorbairt, agus cuirfear chun feidhme é laistigh den chreat CAI atá ann cheana.

D'fhéadfadh na leasuithe atá beartaithe cuidiú le bonn eolais a chur faoin CAI a bheidh ann amach anseo trí léargais luachmhara agus ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na gclár reatha a sholáthar. D'fhéadfaí an taithí a fuarthas ó sholúbthacht na gcistí comhtháthaithe agus ó chruthú sineirgí i measc ionstraimí airgeadais éagsúla de chuid an Aontais a chur san áireamh agus cláir agus leithdháiltí buiséid an Aontais amach anseo á gceapadh. D'fhéadfadh sé sin cuidiú lena áirithiú go mbeidh an cistiú ón Aontas amach anseo níos éifeachtaí, níos éifeachtúla agus níos ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n-áirítear an chosaint agus an tslándáil.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Leis na leasuithe spriocdhírithe atá beartaithe ar Rialacháin ábhartha an Aontais, cuirtear raon roghanna maoiniúcháin agus deiseanna athshannta ar fáil, rud a d'fhéadfadh cuidiú le húsáid na n-acmhainní atá ann cheana a bharrfheabhsú agus tacú le forbairt cumas agus teicneolaíochtaí cosanta san Aontas.

Ceann de na roghanna maoiniúcháin is ea an fhéidearthacht cistí comhtháthaithe a threorú chun tacú le hinfheistíochtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, e.g. trí STEP.

Is é is aidhm don leasú ar an gCiste Eorpach Cosanta (CEC) carnadh cistiúcháin a chumasú idir CEC agus cláir eile de chuid an Aontais le haghaidh na gníomhaíochta céanna, rud a fhágfaidh go mbeidh cur chuige níos cuimsithí agus níos comhtháite ann chun tacú le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint. Ina theannta sin, déantar foráil sa leasú maidir leis an bhféidearthacht acmhainní a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi chistí an bheartais chomhtháthaithe a aistriú chuig CEC, rud a chuirfeadh ar a gcumas do na Ballstáit a gcistí beartais comhtháthaithe a atreorú chun tacú le hinfheistíochtaí a bhaineann leis an gcosaint. Thairis sin, le leasú ASAP, beifear in ann acmhainní a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi chistí an bheartais comhtháthaithe a aistriú go deonach chuig ionstraim ASAP, chomh maith le ranníocaíochtaí deonacha breise ó na Ballstáit.

Leis an leasú ar an gClár don Eoraip Dhigiteach (DEP) déantar foráil maidir leis an bhféidearthacht an tsolúbthacht bhuiséadach a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí breise dea-dhírithe le haghaidh iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais, lena n-áirítear dé-úsáid.

Leis an leasú ar an gclár Fís Eorpach, beifear in ann tacaíocht a thabhairt do thionscadail a bhféadfadh feidhmeanna dé-úsáide a bheith acu faoi Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) (deontas + cothromais), chomh maith le tionscadail a dhíríonn ar fheidhmeanna cosanta faoi scéim uas-scálaithe Luasaire CNE (cothromas amháin).

Leis an leasú ar SCE, cumasófar na hacmhainneachtaí digiteacha nasctha is gá chun táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta a fhorbairt, lena n-áirítear an néalríomhaireacht, an intleacht shaorga agus Gigeamhonarchana IS a nascadh, chomh maith leis an tsoghluaisteacht mhíleata. Tacóidh sé sin le forbairt bonneagair agus teicneolaíochtaí atá fíor-riachtanach don tslándáil agus don chosaint. In SCE, leithdháileadh an t-imchlúdach soghluaisteachta míleata (EUR 1,7 billiún) go hiomlán ar thionscadail in 2024 tar éis trí ghlao nó togra. Dá bhrí sin, is rogha iad aistrithe Ballstát ó acmhainní atá faoi bhainistiú comhroinnte tacú le tuilleadh tionscadal soghluaisteachta míleata faoi SCE.

## 1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ón 04/2025 go dtí an 31/12/2028

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2025 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2025 go 2030 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. An modh/na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[12]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☑ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☑ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑**Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☑ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais

– ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram

[12] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

**Nótaí**

Beidh modh chur chun feidhme an bhuiséid ag brath ar an gclár sonrach a ndéanann an leasú difear dó. Go sonrach:

Maidir le Fís Eorpach/Luasaire CNE, meastar go ndéanfar an cur chun feidhme trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin (go háirithe EISMEA); is é an Banc Eorpach Infheistíochta a bhainistíonn Ciste CNE.

Maidir le STEP, SCE, DEP, CEC, agus ASAP, foráiltear do bhainistiú díreach.

Maidir le SCE, cuirtear an clár chun feidhme trí bhainistiú díreach agus déantar é a tharmligean go hiomlán chuig an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA). Déanann an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí tacaíochta cláir a bhainistiú go díreach

Maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe, cuirfear bainistiú comhroinnte leis na Ballstáit i bhfeidhm.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar faireachán agus meastóireacht ar na leasuithe spriocdhírithe sa Rialachán i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a bhunaítear sna cláir ábhartha, mar atá Fís Eorpach, SCE, DEP, CEC, ASAP, agus STEP. Is mar a shonraítear i rialacháin agus i gcomhaontuithe na gclár ábhartha a bheidh an mhinicíocht agus na coinníollacha maidir le faireachán agus tuairisciú.

Ina theannta sin, i gcás forálacha a bhaineann leis an mBeartas Comhtháthaithe, déanfar meastóireacht agus tuairisciú tréimhsiúil i gcomhréir le hoibleagáidí ábhartha an Bheartais Chomhtháthaithe, lena n-áirítear na ceanglais maidir le meastóireachtaí *ex ante*, meastóireachtaí eatramhacha, agus meastóireachtaí *ex post*, chomh maith leis na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach sna rialacháin agus sna comhaontuithe cistiúcháin is infheidhme.

Go ginearálta, déanfar an faireachán agus an tuairisciú ar bhonn tráthrialta, agus déanfaidh údaráis ábhartha na gclár an mhinicíocht shonrach agus na coinníollacha sonracha a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme.

### 2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid, le sásra/sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Tá na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, módúlachtaí íocaíochta, agus straitéis rialaithe bunaithe ar na struchtúir agus na sásraí atá i bhfeidhm cheana féin le haghaidh na gclár ábhartha (Fís Eorpach, SCE, DEP, CEC, ASAP, STEP).

Ní thugtar isteach aon athrú ina leith sin leis na leasuithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo. Ina ionad sin, cuireann siad leis na creataí atá ann cheana agus atá ceaptha chun cur chun feidhme éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch na gclár a áirithiú.

Bunaíodh agus tástáladh úsáid an bhainistithe dhírigh, an bhainistithe comhroinnte, agus na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin, chomh maith le sásraí cur chun feidhme cistiúcháin agus straitéisí rialaithe i gcomhthéacs na gclár atá ann cheana. Ní cheanglaítear leis na leasuithe atá beartaithe athruithe móra a dhéanamh ar na struchtúir sin atá ann cheana. Beidh an Coimisiún ag brath ar an saineolas, ar na córais agus ar na nósanna imeachta atá ann cheana chun na cláir leasaithe a chur chun feidhme.

Leanfar den straitéis rialaithe, lena n-áirítear an cur chuige rioscabhunaithe, rialuithe *ex-ante*, eatramhacha, agus *ex post*, iniúchtaí agus meastóireachtaí, a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin atá ann cheana faoi chláir ábhartha. Leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán agus de thuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár, lena n-áirítear na forálacha leasaithe, i gcomhréir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta atá ann cheana.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ceapadh na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm le haghaidh na gclár atá ann cheana (Fís Eorpach, SCE, DEP, CEC, ASAP, STEP) chun rioscaí a shainaithint agus a mhaolú, lena n-áirítear an riosca d'earráidí agus neamhrialtachtaí.

Ní dhéanann na leasuithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo athrú bunúsach ar thimpeallacht riosca na gclár atá ann cheana. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag brath ar na córais rialaithe inmheánaigh atá ann cheana, a bunaíodh chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na gclár a áirithiú.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Táthar ag súil go mbeidh cost-éifeachtúlacht na rialuithe le haghaidh na gclár leasaithe i gcomhréir leis na cláir atá ann cheana. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag brath ar na córais rialaithe atá ann cheana, a bunaíodh chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na gclár a áirithiú, toisc nach dtugtar isteach athruithe móra ar chláir leis na leasuithe.

Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán agus de thuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gclár, lena n-áirítear na forálacha leasaithe, i gcomhréir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta atá ann cheana.

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Leanfaidh an Coimisiún de na bearta atá beartaithe faoi na cláir a ndéanann an Rialachán atá beartaithe difear dóibh a chur i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc, lena n-áirítear bearta a leagtar amach i straitéis frithchalaoise an Choimisiúin.

Beidh na cláir leasaithe faoi réir chreat foriomlán frithchalaoise an Choimisiúin freisin, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú tráthrialta ar rioscaí agus teagmhais calaoise. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus le húdaráis ábhartha eile chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a imscrúdú.

Níl aon bheart breise beartaithe ag an gcéim seo, ós rud é go meastar go bhfuil na bearta atá ann cheana leordhóthanach chun calaois agus neamhrialtachtaí sna cláir leasaithe a chosc.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[13] | ó thíortha de chuid CSTE[14] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[15] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 1 | 01.020301 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (Fís Eorpach) | Difreáilte | Tá | Tá | Tá | Tá |
| 5 | 13.04.01.00 – Soghluaisteacht mhíleata | Difreáilte | NÍL | TÁ | NÍL | NÍL |
| 5 | 13.01.03.01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh soghluaisteacht mhíleata | Neamhdhifreáilte | NÍL | TÁ | NÍL | NÍL |
| 5 | 13.01.03.74 – An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol – Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (Iompar) le haghaidh soghluaisteacht mhíleata | Neamhdhifreáilte | NÍL | TÁ | NÍL | NÍL |

13 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

14 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

15 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

#### *3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 5 An tSlándáil agus an Chosaint |
|---|---|---|

| Fís Eorpach | | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leithreasuithe measta faoi chomhair oibríochtaí a eascraíonn as aisíocaíochtaí ó Threoirthionscadal na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí faoi Fhís 2020*** | | | | | | | | |
| 01.020301 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach | Gealltanais | (1a) | | | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[16] | | | | | p.m. | p.m. | p.m. | |
| **Iomlán na leithreasuithe i gcomhair an chláir Fís Eorpach** | | | | | | | | |
| 01.020301 An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach | Gealltanais | (1a) | | | p.m. | p.m. | p.m. | **p.m.** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | p.m. | p.m. | p.m. | |

[16] Ní shonraítear cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ach áirítear iad sna méideanna foriomlána arna sonrú faoi línte oibríochtúla. Ba cheart iad a bheith ag freagairt, a bheag nó a mhór, do na céatadáin chéanna, i gcomparáid leis na línte riaracháin, a bhí ann sa tréimhse 2021-2024.

| AS: MOVE | | | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain Tar éis 2027 | IOMLÁN CAI 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| Líne bhuiséid – Soghluaisteacht mhíleata | Gealltanais | (1a) | P.M. | P.M. | P.M. | | P.M. |
| | Íocaíochtaí | (2a) | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0.000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0.000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[17] | | | | | | | |
| Líne bhuiséid 13.01.03.01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh soghluaisteacht mhíleata | | (3) | P.M.* | **P.M.** | **P.M.** | | P.M. |
| Líne bhuiséid 13.01.03.74 – An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol – Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (Iompar) le haghaidh soghluaisteacht mhíleata | | | P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | | P.M. |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS MOVE** | Gealltanais | =1a+1b+3 | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |

| | | | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain Tar éis 2027 | IOMLÁN CAI 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | P.M. |
| | Íocaíochtaí | (5) | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |

[17] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | P.M. |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |

| | | | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Bliain **Tar éis 2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | P.M. |
| | Íocaíochtaí | (5) | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | P.M. |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 6**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil<br>(Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin'[18] |

18 Na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia, is trí úsáid a bhaint as na figiúirí sin ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| AS: MOVE | | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain TAR ÉIS 2027 | IOMLÁN CAI 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. |
| **IOMLÁN AS** MOVE | Leithreasuithe | P.M. | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain TAR ÉIS 2027 | IOMLÁN CAI 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** | Gealltanais | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **PM** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **PM** |

| | | | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain TAR ÉIS 2027 | IOMLÁN CAI 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | **P.M.** |
| | Íocaíochtaí | (5) | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | **P.M.** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | **P.M.** |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5**<br><br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **0.000** | **P.M.** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** |

| | | | Bliain<br>**2025** | Bliain<br>**2026** | Bliain<br>**2027** | Bliain<br>**TAR ÉIS 2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | P.M. | P.M. | P.M. | 0.000 | **P.M.** |
| | Íocaíochtaí | (5) | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | **P.M.** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | P.M. | P.M. | P.M. | P.M. | **P.M.** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 6**<br><br>den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **0.000** | **P.M.** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’[19] |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain<br>**2025** | Bliain<br>**2026** | Bliain<br>**2027** | Bliain<br>**TAR ÉIS 2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|

[19] Na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia, is trí úsáid a bhaint as na figiúirí sin ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** | Gealltanais | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **PM** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **PM** |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA FHABHAR** | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | **IOMLÁN 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **2025** | **2026** | **2027** | **TAR ÉIS 2027** | |
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Caiteachas riaracháin eile | PM | PM | PM | PM | PM |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | PM | PM | PM | PM | PM |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna – 13.01.03.74 – An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol – Ranníocaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (Iompar) le haghaidh soghluaisteacht mhíleata* | PM | PM | PM | PM | **PM** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin 13.01.03.01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh soghluaisteacht mhíleata** | PM | PM | PM | PM | **PM** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **PM** | **PM** | **PM** | **PM** | **PM** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** | **P.M.** |

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Tagraíonn an caiteachas sin don bhuiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ceannach/forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir,

stóráil sonraí etc.). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 ‘Gnéithe digiteacha’.

| IOMLÁN Leithreasuithe digiteacha agus TF | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain TAR ÉIS 2027 | IOMLÁN CAI 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0.000 | 0.000 | 0.000 | 0.000 | **0.000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** | **0.000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla* | PM | PM | PM | PM | **PM** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **PM** | **PM** | **PM** | **PM** | **PM** |
| *Caiteachas TF corparáideach ar chláir oibríochtúla arna maoiniú le 13.01.03.01 – Caiteachas tacaíochta le haghaidh soghluaisteacht mhíleata | | | | | |
| **IOMLÁN** | **PM** | **PM** | **PM** | **PM** | **PM** |

*3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Maoineofar an tionscnamh seo le hacmhainní atá ann cheana, laistigh d’imchlúdaigh chomhaontaithe na gclár lena mbaineann agus leis an AD leithdháilte. Leis an togra, neartófar imchlúdach CNE le EUR 210 milliún ó mhéideanna agus athshreabha threoirthionscadal CNE de chuid Fhís 2020 nár úsáideadh. Chun an t-athchlárú a dhéanamh, beidh gá le athshannadh thar cheannteidil CAI dá bhforáiltear leis an gClár Comhtháthaithe agus le rialacháin na Saoráide um Chónascadh na hEorpa agus leis an athbhreithniú meántéarma ar an gClár Comhtháthaithe.

*3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☒ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☒ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[20] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
| | | | | | |

– I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

Maoineofar an tionscnamh seo le hacmhainní atá ann cheana, laistigh d'imchlúdaigh chomhaontaithe na gclár lena mbaineann agus leis an AD leithdháilte. Leis an togra, neartófar imchlúdach CNE le EUR 210 milliún ó mhéideanna agus athshreabha threoirthionscadal CNE de chuid Fhís 2020 nár úsáideadh.

## – 4. GNÉITHE DIGITEACHA

### 4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach

Leis na leasuithe atá beartaithe, ní bhunaítear aon cheanglas nua a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leis. Rinneadh an measúnú ar ábharthacht dhigiteach cheana féin le haghaidh gach ceann de na cláir a ndéanann na leasuithe difear dóibh, agus ní thugtar isteach leis na hathruithe atá beartaithe aon oibleagáid ná foráil bhreise a bhaineann le bailiú, próiseáil, giniúint, malartú nó comhroinnt sonraí, uathoibriú nó digitiú próiseas páirtithe leasmhara, úsáid réiteach digiteach nua nó atá ann cheana, nó seirbhísí poiblí digiteacha. Dá bhrí sin, ní shainaithnítear aon cheanglas breise a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leis sa togra seo.

20 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.